INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE, EARRACH, 2021

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

PÁIPÉAR I - 100 MARC

(85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

(a) Páistí sa bhaile agus múinteoirí ar líne.
(b) Osclaíonn taisteal ár súile don domhan mór.
(c) Ba chóir do dhaoine óga níos mó ama a chaitheamh i dteagmháil leis an nádúr.
(d) Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.
(e) Ó thaobh cúrsaí cultúir de, tá an-saibhreas agus an-éagsúlacht in Éirinn an lae inniu.

(35 mharc)

ROINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

I was very disappointed when I heard that I would not be able to go to the Gaeltacht this year. I remember very well the time I went to the Gaeltacht when I was in secondary school. I enjoyed it very much and I derived great benefit from it. I was there for three weeks, there were ten of us in the house, I was sharing a room with three others and we all got on very well. The woman of the house was kind and generous and she was a wonderful cook. I enjoyed the classes very much. We did pair work, proverbs, the history of the place and a little bit of grammar. The Céilís were wonderful. The weather wasn't great, however. It never stopped raining but we didn't mind. We had great fun and, I have to say, I was broken hearted when I was going home. It will be all on line this year. It will be very different. Things have changed. Life is strange.

(15 mharc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. Cormac! Stand back and let me open the door.
2. I am a friendly but independent person. I like to read.
3. It is great to see children making progress. That gives me great satisfaction.
4. The house is lovely, the neighbours are very friendly but we need more space.
5. When I reach the school, after I go to my classroom I go to the staffroom for a cup of tea.
6. The health services are under pressure but they are getting on very well.
7. I am looking forward to the day when I will be able to go out for a meal.
8. I have a great liking for soap operas and current affairs programmes.
9. It is a very enjoyable film. The acting in it is great.
10. The last time I was overseas, I was in Spain for a fortnight.

(15 mharc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

"A Threasa! An (feic) mé thú ag teacht amach as oifig (an ceantálaí) sa bhaile mór Dé Sathairn seo caite?" arsa Liam. "Chonaic," arsa Treasa. "Táim ag smaoineamh ar bhogadh. Má dhíolaim mo theach anois, (faigh: mé) praghas maith air. Beidh mé in ann árasán a (ceannaigh) a bheidh i bhfad níos (te) ná an teach ina bhfuilim. Beidh neart airgid (fág) agam chun turas mara a (tóg) timpeall (an domhan). Pé scéal é, tá an gairdín atá agam ar chúl (an teach) rómhór." "Dá ndíolfainnse mo theach," arsa Liam, "(athraigh: mé) mo ghluaisteán agus gheobhainn ceann de na gluaisteáin leictreacha sin."

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. An (tabhair: tú) iasacht do rothair dom don deireadh seachtaine seo chugainn?
2. Tá laethanta saoire na Cásca ag (imigh) go tapa.
3. Bíonn bachlóga ar na crainn i rith (an t-earrach).
4. Is maith leis an gcuach canadh ar imeall (an choill).
5. Beidh Aisling agus a (aintín) ag dul ag siopadóireacht amárach.
6. Is í Scoil na (Cailíní) an scoil is mó sa bhaile seo.
7. Céard é an baile is (álainn) in Éirinn, dar leat?
8. Má fhaighim an vacsaín roimh an samhradh, (téigh: mé) ar saoire go dtí an Iodáil.
9. Ní thabharfaidh mé aon obair bhaile (do: sibh) anocht mar chan sibh go han-mhaith ag an gceolchoirm aréir.
10. Dá bhfaighinn cuireadh chuig cóisir, (ceannaigh: mé) culaith nua.

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Tim Severin

Rugadh Tim Severin, an t-eachtranaí, an taiscéalaí, an staraí agus an scríbhneoir san India ar 25 Meán Fómhair, 1940. Bainisteoir ar phlandáil tae ab ea a athair. Is i Sasana a fuair sé a chuid oideachais. D'fhreastail sé ar Scoil Tonbridge agus rinne sé staidéar ar an Stair agus ar an Tíreolaíocht in Ollscoil Oxford. Le linn dó a bheith ina fhochéimí in Oxford rinne sé féin agus beirt mhac léinn eile agus iad ar ghluaisrothair, an turas céanna tríd an Áise a rinne Marco Polo sa tríú haois déag. Thaistil siad ó Oxford go Venice tríd an Eilvéis, ar aghaidh leo ansin tríd an Tuirc, tríd an bPeirs agus tríd an Afganastáin. Tháinig siad slán ó stoirmeacha gainimh, ó thuilte, ó thimpistí gluaisrothair agus ó am i bpríosún. Rinne siad cuid den turas ar muin camaill. Níor éirigh leo an turas a chríochnú mar gheall ar fhadhbanna víosa a bhí acu ag teorainn na Síne.

Sna blianta 1976 agus 1977, áfach, d'éirigh le Tim Severin an turas eipiciúil farraige, Turas Farraige Naomh Breandán a chríochnú. Turas 7,200 ciliméadar a bhí ann trasna an Atlantaigh ó Chuas an Bhodaigh ag bun Chnoc Bhréanainn i gContae Chiarraí go Talamh an Éisc i gCeanada. Nuair a rinne sé amhlaidh, thaispeáin Tim Severin agus a chriú go raibh an turas farraige a ndéantar cur síos air in *Navigatio Sancti Brendani* ón séú haois indéanta. Thug sé faoin turas i gcurach lámhdhéanta. Ó thuaidh a chuaigh siad ar dtús, thar Inse Ghall, thar Oileáin Faró, ar aghaidh go dtí an Íoslainn agus ansin go dtí an Ghraonlainn, sular leag siad cos ar deireadh ar Oileán Peckford, i dTalamh an Éisc. D'fhoilsigh sé scéal iomlán an turais iontaigh in *The Brendan Voyage* a shroich barr an liosta sárdhíola go hidirnáisiúnta.

Bhuaigh Tim Severin Bonn Óir an Royal Geographical Society agus Bonn Livingstone an Royal Scottish Geographical Society.

Cailleadh Tim Severin ar 18 Mí na Nollag, 2020 i dTeach Molaige, in iarthar Chorcaí.

1. Cén tslí bheatha a bhí ag athair Tim Severin?
2. Céard air a ndearna Tim Severin staidéar ag an tríú leibhéal?
3. Céard é a rinne Tim Severin agus é ina mhac léinn a thaispeáin gurbh eachtrannaí é?
4. Sular shroich Tim Severin an tSín, céard a tharla dó a thaispeáin go raibh fadhbanna aige leis an dlí?
5. Céard a chruthaigh Tim Severin leis an turas eipiciúil, Turas Farraige Naomh Breandán?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair <u>i d'fhocail féin</u> na ceisteanna a ghabhann leis:

Sliocht as '*Dan Donnelly - Curadh Trodach na nGael in am an ghátair'* le Séamus Kavanagh, Irish Times, 23 Samhain, 2020 (curtha in oiriúint).

Rugadh an dornálaí dorn-nochta clúiteach Dan Donnelly i Sráid Chnoc na Lobhar i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1788. Ba dhuine é de sheacht nduine dhéag clainne i dteaghlach a bhí ar an ngannchuid. Is beag atá ar eolas againn faoina óige seachas go ndeachaigh sé i mbun oibre mar shiúinéir ar nós a athar roimhe agus gur chuairteoir é sna tithe tábhairne inar tharraing sé cáil an achrainn agus an óil air féin.

Fathach fir é i mbarr a mhaitheasa agus bhí sé amuigh air go raibh sé in ann iallacha a bhróg a cheangal agus é ina sheasamh. Bhí duine darbh ainm Captaen Kelly an-tógtha leis an mbealach a mbíodh Donnelly in ann a naimhde agus a chairde araon a threascairt go héasca i mbruíonta i dtithe tábhairne. Chuir Kelly ina luí ar Dan gur cheart dó dul i mbun dornálaíochta mar ghairm bheatha.

Tá log beag glas darb ainm 'Donnelly's Hollow' ar imeall an Churraigh i gContae Chill Dara. Is í seo an láthair stairiúil inar tharla an troid chlúiteach idir Dan Donnelly agus George Cooper ar 13 Nollaig, 1815. De réir na gcuntas bhí an láthair ag cur thar maoil le 20,000 duine. Ba chomhrac brúidiúil fíochmhar é agus ar deireadh san aonú babhta dhéag tharraing Donnelly dorn ar Cooper a bhris a chnámh géill agus a d'fhág é ar shlat a dhroma gan aithne gan urlabhra.

Nuair a d'éirigh Dan as an dornálaíocht bhain sé triail as a bheith ina thábhairneoir. Theip go dona ar an bplean sin, áfach. Ní raibh sé ach dhá bhliain agus tríocha d'aois nuair a d'éag sé gan pingin ina phóca. Ba náireach an chaoi inar caitheadh lena chorpán: goideadh é as an uaigh agus díoladh lámh dheas an mharbháin le máinlia ar theastaigh sí uaidh don eolaíocht leighis.

I gCill Chuilinn, i gContae Chill Dara sa lá atá inniu ann, sa teach tábhairne 'The Hide-Out', tá taispeántas de mhír mhúsaeim atá iontach aisteach agus scanrúil. Istigh i gcás gloine os cionn mhatal an teallaigh tá lámh dheas mhumaithe Dan Donnelly.

1. Cén tslí bheatha a bhí ag Dan Donnelly ar dtús?
2. Cén áit inar tugadh faoi deara ar dtús gur throdaí maith é Dan Donnelly?
3. Cé a threoraigh Dan Donnelly i dtreo na dornálaíochta gairmiúla?
4. Cén fhianaise atá san alt go raibh spéis ag daoine sa troid idir Dan Donnelly agus George Cooper?
5. Conas go bhfuil a fhios agat ón alt nár éirigh go maith le Dan Donnelly mar fhear gnó?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Scríobh eiseamláir do gach ceann de na feidhmeanna teanga seo a leanas:
(i) tuairisciú
(ii) easpa ábaltachta a léiriú
(iii) foláireamh a thabhairt
(iv) iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh

(b) Céard iad na rudaí éagsúla ba chóir tarlú sa Tréimhse Réamhchumarsáide i gceacht cumarsáideach? Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.

(c) Mar mhúinteoir, conas a mhíneofá na focail / frásaí seo a leanas: "stróicthe", "ag dreapadóireacht", "spéaclaí".

(15 mharc)

9. (a) Conas a imrítear an cluiche teanga, "Fiche Ceist", bunaithe ar dhaoine cáiliúla atá beo. Tabhair go leor samplaí de na ceisteanna, de na freagraí agus den fhoclóir a bhíonn ag teastáil i rith an chluiche. Conas a mhúineann an múinteoir an teanga sin do na páistí?

(b) Mínigh an Modh Díreach. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.

(c) Scríobh comhrá (14-16 líne) idir tuismitheoir agus páiste, faoin teideal, "An Turas Scoile a bhí ag an rang inniu", comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.

(15 mharc)

10. (a) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, "Cluiche Kim?" Tabhair samplaí den teanga a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus ag na paistí i rith an chluiche?

(b) Mínigh an tábhacht a bhaineann le gníomhamhráin agus le gníomhrannta sna ranganna sóisearacha. Cén modh múinte a úsáideann an múinteoir nuair a bhíonn gníomhamhráin agus gníomhrannta á múineadh agus céard go díreach a dhéanann an múinteoir agus na páistí i rith an cheachta? Tabhair samplaí de ghníomhamhráin agus de ghníomhrannta atá ar eolas agat.

(c) Scríobh scéal dar teideal, "Timpiste Rothair" a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna agus ina ndéanann tú tagairt do na nithe seo a leanas: cathain a fuair tú an rothar, an áit a raibh tú ag dul nuair a tharla an timpiste, conas a tharla an timpiste, na gortuithe a fuair tú, an damáiste a rinneadh don rothar, cabhair, ospidéal.

(15 mharc)